Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10571 – HSBC SINGAPORE / TEMASEK / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 167/08)

1. An 11 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— HSBC Bank (Singeapór) Limited ("HSBC Singapore", Singeapór), faoi lánúinéireacht HSBC Holdings plc ("HSBC", an Ríocht Aontaithe),

— Kovan Investments Pte. Ltd. ("Kovan", Singeapór), faoi lánúinéireacht Temasek Holdings (Private) Limited ("Temasek", Singeapór),

— Sustainable Infrastructure Capital PTE. LTD ("Comhfhiontar", Singeapór).

Gheobhaidh HSBC agus Kovan rialú comhpháirteach ar an gComhfhiontar lánfheidhme de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta baincéireachta agus seirbhísí airgeadais í HSBC, a bhfuil a ceanncheathrú i Londain na Ríochta Aontaithe. Roinntear HSBC ina 3 línte príomhúla gnó: Rachmas agus Baincéireacht Phearsanta; Baincéireacht Tráchtála agus Baincéireacht Dhomhanda agus Margaí. Cuireann Baincéireacht Tráchtála agus Baincéireacht Dhomhanda agus Margaí seirbhísí baincéireachta corparáideacha ar fáil do chliaint chorparáideacha agus institiúideacha de mhéideanna éagsúla.

— Is cuideachta infheistíochta í Temasek a bhfuil a ceanncheathrú i Singeapór, atá gníomhach den chuid is mó i Singeapór agus sa chuid eile den Áise. Cumhdaíonn punann dhomhanda Temasek raon leathan tionscal: seirbhísí airgeadais; teileachumarsáid, na meáin agus teicneolaíocht; iompar agus tionsclaíocht; tomhaltas agus maoin réadach; chomh maith le heolaíochtaí beatha agus agraibhia.

— Is comhfhiontar lánfheidhme úrnua é an Comhfhiontar atá le bunú i Singeapór, comhfhiontar lena gcuirfear maoiniú fiachais ar fáil do thionscadail maidir le bonneagar inbhuanaithe in earnálacha amhail fuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, uisce agus dramhaíl (bainistiú fuíolluisce agus dramhaíola soladaí) agus iompar inbhuanaithe san Áise, ag díriú ar Oirdheisceart na hÁise ar dtús.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10571 – HSBC SINGAPORE / TEMASEK / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË